# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH – ARDLEIBHÉAL

DÉ hAOINE, 19 MEITHEAMH 2009 – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Marcanna Iomlána: 320

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

CAITHFIDH IARRTHÓIRÍ IAD SEO A LEANAS A FHREAGAIRT:

- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A hAON
- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A DÓ
- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A TRÍ

## AONAD A hAON

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

CAITHFIDH TÚ CEIST **AMHÁIN** AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist)**

### ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**Ceist 1.**

**Freagair a) agus b).**

a) *Taispeánann miotais agus deasghnátha ársa gur chuir daoine i ngach aois ceisteanna faoi bhrí na beatha.*

Scrúdaigh an chaoi a dtugann miotas **amháin** *nó* deasghnáth **amháin** fianaise gur cheistigh daoine brí na beatha fadó. (40 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla den chaoi a bhféadfadh eachtra sa saol a chur ar dhuine brí na beatha a cheistiú. (40 marc)

**Ceist 2.**

**Freagair a) agus b).**

a) Tabhair breac-chuntas ar an gcur chuige a ghlac **beirt** mhór le rá, a bhain leis an traidisiún daonnachach, sa chuardach a dhéanann an duine ar bhrí na beatha. (40 marc)



b) *Baineann daoine úsáid go minic as íomhánna chun a gcuid smaointe faoi Dhia a chur in iúl.*

Déan cur síos ar **dhá** íomhá de Dhia a bhfuil staidéar déanta agat orthu agus tabhair breac-chuntas ar an tuiscint ar Dhia a chuirtear in iúl i ngach íomhá díobh. (40 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

CAITHFIDH TÚ **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a) agus b).**

a) i. In aimsir Íosa, níorbh ionann na nithe a raibh súil ag daoine leo i gcás an Mheisias –

- Dáivíoch
- Sagartúil
- Fáidhiúil

Tabhair breac-chuntas ar a raibh i gceist maidir le **dhá** cheann de na nithe thuas a raibh súil leo i gcás an Mheisias. (20 marc)

ii. Déan cur síos ar shampla den chaoi ar léirigh Íosa go raibh tuiscint aige ar cheann **amháin** de na nithe a raibh súil ag daoine leo i gcás an Mheisias mar atá liostaithe i gcuid *a)i* thuas. (20 marc)

b) Mínigh an chaoi a raibh tionchar ag aiséirí Íosa ar thuiscint na gcéad aspal ar Íosa agus ar a mbraistint phobail. (40 marc)

### ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a) agus b).**

a) i.

- Saolta
- Naofa

Déan cur síos ar bhrí gach ceann de na téarmaí thuas i dtraidisiún reiligiúnach a bhfuil staidéar déanta agat air. (20 marc)

ii. Tabhair breac-chuntas ar conas mar a chuireann daoine an gaol idir an naofacht agus an tsaoltacht in iúl, ag baint úsáide as sampla **amháin** de rud a luaitear le reiligiún. (20 marc)

b) *Is minic a thugtar an t-am fadó chun cuimhne agus a dhéantar é a cheiliúradh ag féilte reiligiúnacha.*

◆ An Búdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

Déan comparáid idir ceiliúradh féile reiligiúnaí den saghas sin i gceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda luaite thuas agus an tslí a ndéantar eachtra ón scéal bunaidh a cheiliúradh sa Chríostaíocht *nó* sa Ghiúdachas. (40 marc)

### ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLTA

**Freagair a) agus b).**

a)

- Pionós Corpartha
- Fostú Páistí
- Sclábhaíocht
- Cogadh

Roghnaigh **dhá** cheann de na saincheisteanna liostaithe thuas agus tabhair breac-chuntas ar an tslí a bhfuil athrú tagtha le himeacht ama ar an tuiscint i dtaobh a bhfuil ceart agus mícheart maidir le gach saincheist díobh. (40 marc)

b)

- Údarás Sibhialta
- Údarás Reiligiúnach

Pléigh an gaol idir coinsias duine agus ceann **amháin** díobh seo thuas chun teacht ar chinneadh i dtaobh a bhfuil ceart agus mícheart maidir le saincheist a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. (40 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

CAITHFIDH TÚ CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN E AN REILIGIÚN AGUS AN INSCNE

*Tá a gcion féin déanta ag mná ar mhaithe lena dtraidisiúin reiligiúnacha ar shlite éagsúla –*

- BUNAITHEOIRÍ ORD REILIGÚNACH
- SCRÍBHNEOIRÍ REILIGIÚNACHA
- LEASAITHEOIRÍ SÓISIALTA
- SMAOINTEOIRÍ SPIORADÁLTA

Déan comparáid idir na slite a bhfuil a gcion féin déanta ag **beirt** bhan i gceann ar bith de na catagóirí thuas maidir le forbairt a dtraidisiún reiligiúnach. (80 marc)

### ROINN G ADHRADH, PAIDREOIREACHT AGUS DEASGHNÁTHA

**Freagair a) *nó* b).**

a)
- Díthreabhacht
- Oilithreacht
- Poustinia
- Cúrsa spioradálta

Déan cur síos ar bhunús **dhá** cheann de na cleachtais rinnfheithimh thuas agus pléigh tábhacht gach ceann díobh maidir leis an gcaoi a gcuireann daoine a gcreideamh reiligiúnach in iúl sa lá atá inniu ann.

(80 marc)

***nó***

b) Déan comparáid idir ar a bhfuil i gceist leis an machnamh do bhaill na dtraidisiún Búdaíoch agus Críostaí.

(80 marc)

### ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA


**Freagair a) agus b).**

a) *Tá sé ráite go bhfuil comharthaí sóirt na filíochta ag baint leis na Sailm.*

Scrúdaigh fianaise an ráitis seo agus tú ag tagairt do **dhá** Shalm ón mBíobla a bhfuil staidéar déanta agat orthu. (40 marc)

b) Pléigh tábhacht na Salm mar chineál litríochta sa Bhíobla do bhaill na dtraidisiún Giúdach *nó* Críostaí. (40 marc)

Tabhair breac-chuntas ar cheann **amháin** de phríomhsmaointe Darwin *nó* Descartes agus pléigh a thionchar ar an ngaol idir an reiligiún agus an eolaíocht. (80 marc)



Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán